

AN BORD TAIGHDE SLÁINTE

Tuarascáil Bhliantúil 2012



An Bord Taighde Sláinte

Tuarascáil Bhliantúil 2012

Arna fhoilsiú ag:

An Bord Taighde Sláinte, Baile Átha Cliath

© An Bord Taighde Sláinte 2013

ISSN: 0791 220X

Is féidir cóipeanna den tuarascáil seo a fháil ó:

An Bord Taighde Sláinte

73 Sráid Bhagóid Íochtarach

Baile Átha Cliath 2

Éire

t 353 1 234 5000

f 353 1 661 2335

r hrb@hrb.ie

sg www.hrb.ie

Tá cóipeanna boga den tuarascáil seo ar fáil ó shuíomh
gréasáin an Bhoird Taighde Sláinte ag www.hrb.ie

Grianghraf clúdaigh le Colm Mahady, Fennell Photography.

Lillian Hallissey-Sheridan nuair a sheol an Bord Taighde Sláinte

Curious? - taispeántas ealaíona sráide ag féile Eolaíochta Chathair
Bhaile Átha Cliath 2012.

Clár na nÁbhar

Forbhreathnú an Phríomhfheidhmeannaigh	7
Taighde Sláinte – ar chomhréim le tosaíochtaí náisiúnta	11
An plean gnó straitéiseach againn a sheachadadh	15
Tionchar infheistíochta um thaighde sláinte ag an HRB a thomhas	31
Oibríochtaí corporáideacha	43
– Rialachas corporáideach	44
– Sliocht as na Ráitis Airgeadais	51
Aguisín A - Liosta na bhfoilseachán de chuid an HRB	54

Misean, spriocanna agus treoirphrionsabail

Sé an misean atá againn ná sláinte daoine, cúram othar agus seachadadh seirbhíse sláinte a fheabhsú trí:

- taighde den scoth ag daoine sárchumais a threorú agus a thacú laistigh de chóras comhleanúnach taighde sláinte
- eolas a chruthú agus feidhmiú an eolais sin i bpolasaí agus i gcleachtas a spreagadh.

Sa chaoi sin, imreoidh an HRB ról lárnach maidir le nuálaíocht sa chóras sláinte agus san fhorbairt eacnamaíoch.

Tacaíonn ceithre sprioc soiléir le *Plean Gnó Straitéiseach HRB 2010 – 2014* a sheachadadh. Siad seo:

1. **Taighde cliniciúil den scoth a thiomáint chun cinn**, ar a n-áirítear taighde feidhmeach bithleighis, laistigh de chóras comhleanúnach taighde sláinte.
2. Cumas a thógáil **chun** taighde um shláinte daonra agus seirbhísí sláinte **ar ardchaighdeán a stiúradh**.
3. Oibriú le príomhpháirtneirí chun córais eolas náisiúnta sláinte ar ardchaighdeán a fhorbairt agus a bhainistiú.
4. Fianaise a chruthú agus a shintéisiú, agus feidhmiú eolais a chur chun cinn **mar thacú le cinnteoireacht ag lucht déanta polasaí agus ag cleachtóirí cuí**.

Siad na bunphrionsabail seo a leanas a mhúnlaíonn agus atá mar bhonn eolais do gach a ndéanaimid:

- tiomantas do chultúr feabhais maidir le taighde agus nuálaíocht
- taighde sláinte a threorú trí chomhpháirtíocht agus comhoibriú
- cinnteacht go ndéanfar eolas a aistriú agus a chur i bhfeidhm
- tiomantas don taighde a bheith i gcroílár an chórais sláinte
- díriú ar dhea-rialachas, feidhmiúocht ar ardchaighdeán agus luach ar airgead.

Is mian linn go gcuirfeadh taighde sláinte go réamhghníomhach le:

- torthaí níos fearr do na hothair
- éifeachtúlachtaí a bhaint amach sa tseirbhís sláinte
- sláinte daoine a chosaint agus cabhrú leo an gá chun dul isteach sa chóras sláinte sa chéad áit a sheachaint.



Enda Connolly,
Príomhfheidhmeannach,
HRB

Forbhreathnú an Phríomhfheidhmeannaigh

Sé 2012 an pointe leathbhealaigh ag *Plean Gnó*

Straitéiseach 2010 – 2014 an HRB. Leagann an plean

seo spriocanna uailmhianacha amach chun aschuir

agus torthaí taighde sláinte a thabhairt ar chomhréim maidir le feidhmiú i suíomhanna cúram sláinte; chun forbairt seirbhíse sláinte níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí a éascú; chun an cumas cliniciúil, seirbhísí sláinte agus taighde um shláinte daonra againn a leathnú; agus chun aghaidh a thabhairt ar fhianaise ón Roinn Sláinte agus ó sholáthraithe seirbhíse cúram sláinte maidir le riachtanais um pholasaí agus cleachtas.


Éilíonn na spriocanna seo córas comhleanúnach taighde i gcroílár na structúr náisiúnta sláinte againn. Bhí an HRB riamh chun tosaigh maidir le timpeallacht chomhordaithe taighde sláinte a fhorbairt, ina dtagann daoine, cláir, infreastruchtúir agus teicneolaíocht le chéile chun feabhsuithe i sláinte daoine agus sa tseirbhís sláinte a sheachadadh, chomh maith leis an eacnamaíocht níos leithne a thacú.

"Bhí an HRB riamh chun tosaigh maidir le timpeallacht chomhordaithe taighde sláinte a fhorbairt, ina dtagann daoine, cláir, infreastruchtúir agus teicneolaíocht le chéile chun feabhsuithe i sláinte daoine agus sa tseirbhís sláinte a sheachadadh, chomh maith leis an eacnamaíocht níos leithne a thacú."

Ag pointe leathbhealaigh seo na straitéise againn, tá dul chun cinn láidir déanta maidir le feidhmiú na spriocanna a leagadh síos agus an Plean Gnó Straitéiseach againn á thosú. Athrú é an straitéis seo ó infheistíocht i mbuntaighde agus taighde bithleighis chuig taighde othardhírithé um shláinte daonra agus seirbhísí sláinte. Ón chur chuige seo, d'éirigh réimse tionscnamh maoinithe atá comhleanúnach agus cothromaithe, a fheabhsóidh sláinte daoine, a bheidh mar chrann taca ag seirbhís sláinte níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí, agus a chuirfidh fianaise ar fáil mar bhonn ag athruithe dearfacha i bpolasaí agus i gcleachtas sláinte.

Tacóidh sé freisin leis an chlár fiontar atá chomh riachtanach sin maidir leis an téarnamh eacnamaíoch againn.

Chun an seachadadh straitéise againn a chinntiú, rinneadh athbhreithniú ar na scéimeanna dámhachtaine uile againn. Scoradh nó athchóiríodh iad siúd nach raibh ar chomhréim leis na spriocanna againn. Chomh maith leis sin, tugadh chun cinn sraith scéimeanna nua a thacaíonn go dearfa na tosaíochtaí gnó againn. Tá béim na dtionscnamh maoinithe aistrithe chuig múnla níos comhoibrithí agus idirdhisciplíneach, go háirithe maidir le taighde um shláinte daonra agus seirbhísí sláinte (PHHSR). Tá an HRB de réir sprice maidir le ath-threorú beartaithe na hinfheistíochta taighde a bhaint amach faoi dheireadh 2014.



Figiúr 1: Athrú infheistíochta HRB ó thús na straitéise reatha


Rinneadh comhdhlúthú ar na córais náisiúnta um eolas sláinte agus ar na hacmhainní foirne a bhaineann leo. Rinneadh gníomhaíochtaí nua a fhorbairt, a éascaíonn riachtanais fianaise na Roinne Sláinte maidir le polasaí agus reachtaíocht.

Áirítear ar na príomhéachtaí a baineadh amach le linn 2012:

- Dámhachtain Ceannaireachta Taighde a sheoladh, chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí straitéiseacha ceannaireachta maidir le taighde um shláinte daonra agus seirbhísí sláinte.
- 32 Dhámhachtain Taighde Sláinte nua a mhaoiniú i dtaighde othardhírthe chomh maith le 11 Dhámhachtain Eolaí Cliniceora nua
- Ionad Taighde Cliniciúil an HRB i gCorcaigh a oscailt
- leathnú an réimse taighde ag Ionad Taighde Cliniciúil an HRB i nGaillimh, ó 67 go 77 staidéar.
- athnuachan maoinithe don Ghrúpa Comhoibríoch Uile-Éireann um Thaighde Oinceolaíochta (ICORG); earcaíodh breis agus 1,400 othar ar staidéir nua cliniciúla an ICORG le linn 2012
- infheistíocht i bhfoirne idirdhisciplíneacha iardhochtúireachta i ndisciplíní mar eacnamaíocht sláinte, staitisticí, eolaíochtaí sóisialta, agus cógasaíocht.
- 16 thionscadal nua a bhunú i dtaighde um shláinte daonra agus seirbhísí sláinte.
- an Scéim um Malartú agus Scaipeadh Eolais (KEDS) a chruthú; is cabhair í seo do thaighdeoirí torthaí suntasacha a scaipeadh chuig príomhpháirtithe leasmhara, agus sa chaoi sin eolas nua taighde a aistriú chun polasaí sláinte agus cleactais chliniciúla a fheabhsú. .
- trí thuarascáil bhliantúil a fhoilsiú mar bhonn eolais maidir le pleanáil seirbhíse um chúram síciatrach othar cónaithe agus iad siúd faoi mhíchumas coirp agus intinne
- ceithre athbhreithniú fianaise ar mhórchóir a chríochnú don Roinn Sláinte, mar bhonn eolais um polasaithe náisiúnta sláinte.

Ní fhéadfaí ceann ar bith de na beartais seo a thabhairt chun críche gan toilteanas éachtach na foirne againn um nuálaíocht agus an fonn atá orthu bheith páirteach i gclár claochlaithe. Sa chaoi chéanna, bhí comhairle straitéiseach agus treoir ó Bhord an HRB thar a bheith luachmhar.

I bhfianaise sriantachtaí eacnamaíochta agus airgeadais, tá an HRB ag soláthar torthaí níos mó ó acmhainní níos lú, agus fíorthairbhí do chóras sláinte na hÉireann dá thoradh san.



Enda Connolly, Príomhfheidhmeannach



Taighde Sláinte – ar chomhréim le tosaíochtaí náisiúnta


Tugann *Plean Gnó Straitéiseach HRB 2010 – 2014* léarscáil chruinn agus tosaíochtaí um infheistíocht i dtaighde sláinte. Tugann an plean aird ar, agus tá sé ar chomhréim le, tionscnaimh eile rialtais maidir le forbairt na hÉireann feasta a nuálú agus a mhúnlú, ar a n-áirítear an Beart Náisiúnta um Thosaíocht Taighde agus an Creat um Shláinte Éireann.

Le linn 2012, léirigh an Beart Náisiúnta um Thosaíocht Taighde (NRPE) 14 réimse tosaíochta um infheistíocht maidir le maoiniú poiblí taighde; d'aithin sé an tábhacht a bhaineann le infheistíocht leanúnach i dTaighde um Polasaí agus Cleachtas, agus na réimsí taca, Comhghuaillíocht Eolaíochta agus Teicneolaíochta agus Infreastruchtúr a Chomhtháthú. Uaidh sin tugadh Pleananna Feidhmíochta chun cinn chomh maith le méadracht agus spriocanna sonnraithe do na réimsí seo.

Tá baint ar leith ag cúig cinn de na réimsí tosaíochta maidir le sláinte - Diagnóisic, Teiripic (Sintéis agus Foirmlíú), Feistí Leighis, Sláinte Bhainteach agus Bia um Shláinte. Ach sé príomhchion an HRB ná infheistíocht i dTaighde um Polasaí agus Cleachtas agus ins na réimsí taca, Comhghuaillíocht Eolaíochta agus Teicneolaíochta agus Infreastruchtúr a Chomhtháthú.

Léiríonn Figiúr 2 an chomhréim idir 550 nó mar sin dámhachtain, gníomhach nó ar feitheamh, laistigh de réimse maoinithe 2012 an HRB dar luach breis agus €236 million, agus:

- na cúig thosaíocht ó thuarascáil an NRPE a bhaineann le sláinte
- na réimsí taca, Comhghuaillíocht Eolaíochta agus Teicneolaíochta agus Comhtháthú Infreastruchtúir
- na réimsí Taighde um Polasaí agus Cleachtas agus Taighde um Eolas



Figiúr 2: Céatadán cionranna na tiomantas maoinithe ar na cúig réimse tosaíochta a bhaineann le sláinte, na réimsí taca, Comhghuaillíocht Eolaíochta agus Teicneolaíochta agus Comhtháthú Infreastruchtúir agus ins na réimsí Taighde um Polasaí agus Cleachtas agus Taighde um Eolas


Is príomhchuspóir ag an NRPE an luach is fearr ar airgead a bhaint amach trí chomhoibriú idir gníomhaireachtaí maoinithe Éireannacha ar réimsí comhleasa. Tá éiteas láidir comhoibrithe riamh ag an HRB. Tugann sé seo an deis dúinn an luach is fearr a bhaint as na hinfheistíochtaí againn i dtaighde sláinte. Ag an am céanna, téann comhoibriú chun tairbhe an chláir eacnamaíoch níos leithne in Éirinn; cuirtear ar fáil an cumas agus an t-infreastruchtúr chun aschuir fiontair laistigh den chóras sláinte agus cúram sóisialta a a léiriú, a fhorbairt, a bhailíochtú agus a fheidhmiú. In 2012, tá socruithe cochistithe náisiúnta againn le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI), an Roinn Talmhaíochta, Foraoiseachta agus na Mara, agus an Grúpa Carthanais um Thaighde Leighis (MRCG).

Léiríodh sláinte agus leas an phobail Éireannaigh mar cheann de na ceithre chrann taca ag *Clár an Rialtais 2011–2016*. Táimid tiomanta chun a chinntiú go léiríonn an réimse infheistíochta taighde againn tosaíochtaí straitéiseacha náisiúnta agus go bhfuil sé mar bhonn eolais ag riachtanais pholasaí agus seachadadh seirbhíse maidir le sláinte agus cúram sóisialta. **Comhlánann an obair againn scéimeanna eile mar:**

- *Future Health – a strategic framework for reform of the Health Services, 2012–2015* - anseo glacann an rialtas air féin séirbhís sláinte na hÉireann a athchumrú agus athchóirithe a gealladh cheana a fheidhmiú i réimsí mar chistiú na seirbhíse sláinte, cúram príomhúil, eagrú ospidéal agus seirbhísí sláinte um chúram sóisialta agus leanúnach.
- *National Cancer Strategy – A strategy for Cancer control in Ireland, 2006*, - is aidhm dó seo ailse a chosc agus a leigheas, agus marthanais agus cáilíocht beatha dóibh siúd a bhuailtear le hailse a mhéadú, trí eolas a fhaightear as taighde, faireachas agus luacháil torthaí a aistriú go straitéisí agus gníomhachtaí.
- Tionscnamh Patient Safety First - is aidhm dó seo athruithe i gcleachtais a chur cinn laistigh de na seirbhísí sláinte, chun cáilíocht agus sábháilteacht othar a fheabhsú.
- Pobal níos sláintiúla a chruthú, bunaithe ar fhianaise láidir taighde, is bunús le doiciméad atá le teacht - *Healthy Ireland – A framework for improved health and wellbeing, 2013–2025*.

I dteannta le teagmháil náisiúnta, oibríonn an HRB go dlúth le páirtneirí i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain, san Eoraip agus ins na Stáit Aontaithe chun taighde sláinte ar oileán Éireann a chur chun cinn. Tá comhoibriú gníomhach idirnáisiúnta ag an HRB le:

- Wellcome Trust
- Tionscnaimh Chláir Nasctha an AE
- US Ireland R&D Partnership
- Éire-Tuaisceart Éireann-National Cancer Institute (USA)
- Cuibhreannas Ailse Uile-Éireann
- Institiúid Uile-Éireann um Chúram Ospíse agus Maolaitheach
- Medical Research Council (Ríocht Aontaithe).



An plean gnó straitéiseach againn a sheachadadh

In 2010, thug an Bord Taighde Sláinte (HRB) Plean Gnó Straitéiseach chun cinn atá dúshlánach agus a leagann amach spriocanna agus insolátharthí soiléire.

Sa roinn seo de *Thuarascáil Bhliantúil an HRB 2012* leagtar amach an dul chun cinn atá déanta maidir leis na spriocanna a léiríodh sa phlean gnó straitéiseach a bhaint amach. Freisin, léiríonn na cás-staidéir a leagtar amach san tuarascáil bhliantúil seo na spriocanna a baineadh amach go dtí seo.

Spríoc 1: Forbairt taighde cliniciúil a thiomáint



An Dr Anne
Cody, Ceannasaí
Taighde Cliniciúil
agus Bithleighis
Fheidhmigh, HRB

***"Táimid ag obair ar
leibhéál oirbheartaíoch
agus straitéiseach le
gníomhaireachtaí eile agus
ranna rialtais mar bhonn
le taighde cliniciúil den
scoth a sheachadadh ins
na hospidéil agus ins na
hollscoileanna againn."***

Tá méadú maoinithe um thaighde cliniciúil agus bithleighis feidhmeach den scoth ar cheann de na tosaíochtaí a leagadh amach sa *Phlean Gnó Straitéiseach HRB 2010 – 2014*.

Caithfidh taighde cliniciúil a bheith ina dhlúthpháirt dá ndéantar i ngach ospidéal chun cúram othar agus seachadadh seirbhíse sláinte a fhorbairt agus a bhreisiú feasta. Tá ról ceannaireachta á imirt ag an HRB maidir le éiceachóras um thaighde cliniciúil a thógáil ina ndéantar taighde sláinte.

Tá athstruchtúrú á dhéanamh ar na scéimeanna dámhachtaine againn chun ceannairí taighde nua agus reatha a fhorbairt, a chothú agus a thacú ar bhonn níos fearr. Táimid ag infheistiú ins na hinfreastruchtúir, líonraí agus tacaithe cúntacha atá mar bhunús le cumas taighde. Táimid ag obair ar leibhéál oirbheartaíoch agus straitéiseach le gníomhaireachtaí eile agus ranna rialtais mar bhonn le taighde cliniciúil den scoth a sheachadadh ins na hospidéil agus ins na hollscoileanna againn.

In 2012, chuireamar le forbairt leanúnach an éiceachórais um thaighde cliniciúil mar seo a leanas:

- 32 Dhámhachtain Taighde Sláinte nua a bhronnadh i dtaighde othardhírithe
- 11 Dámhachtain Eolaí Cliniciúil nua a bhronnadh
- Ionad Taighde Cliniciúil an HRB i gCorcaigh a oscailt
- leathnú oibríochtaí ag Ionad Taighde Cliniciúil an HRB i nGaillimh, ó 67 go 77 staidéar.
- athnuachan maoinithe don Ghrúpa Comhoibríoch Uile-Éireann um Thaighde Oinceolaíochta (ICORG); earcaíodh breis agus 5,500 othar ar staidéir nua cliniciúla an ICORG le linn 2012
- infheistíocht san Ionad Náisiúnta um Ardíomháú Liachta, Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath.

I réimsí comhleasa le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile, rinneamar comhchistiú ar na tionscnaimh agus scéimeanna seo a leanas le comhpháirtithe, ar a n-áirítear an Wellcome Trust (WT), SFI, agus an National Cancer Institute (Stáit Aontaithe):

- Comhpháirtíocht SFI-HRB-Wellcome Trust – dhá dhámhachtain nua (trí in iomlán)
- Dámhachtainí Aistritheacha HRB-SFI – ceithre dhámhachtain nua (seacht in iomlán)
- Scéim Chomhthaighde HRB-MRCG – 11 dhámhachtain nua (79 in iomlán)
- Cláir Nasctha an AE um Ghalair Néiriamheathlúcháin (JPND) – dhá chonradh nua (trí in iomlán).

Faoi choimirce ag an US-Ireland Cancer Consortium cistíodh 10 dtaighdeoir as Éirinn um fhreastal ar chúrsaí gearra ag an National Cancer Institute, Bethesda, Maryland (Summer Curriculum in Cancer Prevention) in 2012.

Spríoc 1:

Forbairt taighde cliniciúil a thiomáint

Áis nua um Thaighde Cliniciúil ar oscailt



I mí an Mhárta 2012, d'oscail an tAire Sláinte, an Dr James Reilly TD, Áis Taighde Cliniciúil Chorcaí an HRB (HRB CRFC) ag Ospidéal Ollscoile na Trócaire i gCorcaigh. Anseo tá an spás cliniciúil, infreastruchtúr TF, foireann taca agus trealamh atá riachtanach chun gur féidir le gairmithe sláinte trialacha cliniciúla taighde den scoth a chur ar aghaidh. Tá deichniúr

fostaithe ann chun tionscnaimh taighde dá leithéid a thacú. Riartar oibriú laethúil an HRB CRFC trí chomhoibriú idir an HRB, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.


De réir an tOllamh Joe Eustace, Stiúrthóir an HRB CRFC, 'tugtar deis do na heolaithe i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, oibriú go dlúth le cliniceoirí in ospidéal uile Chorcaí, agus le dochtúirí cúraim phríomhúil, chun taighde othardhírthe a dhéanamh. Tugtar deis freisin d'imscrúdaitheoirí i gCorcaigh comhoibriú san obair seo le hionaid barr feabhais eile, náisiúnta agus idirnáisiúnta'.

As na staidéir atá ar bun san ionad seo, tiocfaidh tuiscint níos fearr, agus feabhsú ar chóir leighis, i réimsí mar ailse, galar croí, galar inne agus cothú. Déanfaidh taighdeoirí agus gairmithe sláinte teiripí nua othar a thástáil agus comparáid a dhéanamh le priacail, sochair agus costéifeachtúlacht córacha leighis seanbhunaithe.

Infheistiú i gceannródaithe nua taighde cliniciúil - na Dámhachtainí Eolaí Cliniciúil (CSA)

In 2012, d'fhógair an HRB 11 dámhachtain nua agus cistiú €11 mhilliún chun an chéad ghlúin eile de thaighdeoirí cliniciúla den scoth in Éirinn a fhorbairt. Ar na réimsí a gheobhaidh tairbhe ón bhabhta seo cistíochta tá meabharshláinte, ailse, galar croí, galar néaraimheathlúcháin, diaibéiteas, otracht agus cúram nuabheirthe.

Tugann na Dámhachtainí Eolaí Cliniciúil (CSA) deis do phríomhdhochtúirí a gcuid ama a roinnt idir cleachtas cliniciúil agus taighde. Sa chaoi seo is féidir leo ceistean



***"Is bunchuid é CAMI
den infreastruchtúr
náisiúnta um thaighde
cliniúil in Éirinn."***

taighde a thabhairt chun cinn atá bunaithe ar cheisteanna cliniúla a éiríonn agus iad ag plé le hothair, agus na torthaí taighde a aistriú i gcleachtas cois leapa. Gné lárnach den scéim seo ná go gcistítear ionadaíocht ar am an chomhairleora sa chlinic, agus dá thoradh san ní laghdaítear leibhéal na seirbhíse chuig na hothair.

CAMI – Ionad um Ardíomháú Liachta

Ins an Ionad um Ardíomháú Liachta (CAMI), atá lonnaithe ar champas Ospidéal San Séamas i mBaile Átha Cliath, tá an t-aon scanóir um Íomháú Athshondais Mhaighnéadaigh (MRI), tiomanta um thaighde, in Éirinn. D'fhorbair an t-ionad líonra fairsing ardchliniceoirí agus ardeolaithe as príomhospidéal agus ollscoileanna ar fud Éireann. Le linn 2012, bhí 16 ghrúpa i mbun staidéir maidir le taighde ailse, cardashoithíoch agus néaraisíciatreach.

'Comhpháirt bhunúsach é CAMI den infreastruchtúr náisiúnta um thaighde cliniúil in Éirinn,' adeir an Dr Anne Cody, Ceann ar Thaighde Cliniúil agus Bithleighis Fheidhmigh ag an HRB. 'Comhlánann sé infheistíochtaí an HRB in Áiseanna Taighde Cliniúil, agus soláthraíonn sé an trealamh speisialaithe agus an fhoireann saineolaithe mar thaca le taighde um íomháú cliniúil ar na caighdeáin idirnáisiúnta is airde'.

Toisc an múnla nuálaíoch cistíochta a tugadh chun cinn, beidh an t-ionad ábalta leanúint ar aghaidh nuair a thagann deireadh le tréimhse cistíochta ón HRB. De réir an mhúnla seo, tugann CAMI lá amháin sa tseachtain chuig soláthar seirbhíse, chun comhtháthú leis an fhoireann níos leithne radagrafaíochta ag Ospidéal San Séamas, agus freisin chun ioncam a ghineadh. Cuidíonn sé seo leis an riaráiste othar titimis atá ag feitheamh ar mheasúnú MRI a laghdú, agus cinntíonn sé gur féidir le CAMI an obair thaighde acu a cothabháil agus a leathnú.

Sprioc 2:

Acmhainn taighde um shláinte daonra agus seirbhísí sláinte a thógáil



An Dr Teresa Maguire,
Ceannasaí Taighde
um Eolaíochtaí Sláinte
Daonra agus Seirbhísí
Sláinte, HRB

“Trí chomhoibriú le páirtithe leasmhara iomadúla agus le béim ar oibriú idirdhisciplíneach, d’imir an HRB ról ceannais in iliomad tionscnamh chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí straitéiseacha um chúram sláinte in Éirinn.”

Tugann plean gnó straitéiseach an HRB gealltanais go méadófar leibhéal infheistíochta i dtaighde um shláinte daonra agus seirbhísí sláinte. Tá cothú an chumais taighde ins na réimsí seo riachtanach chun cáilíocht, sábháilteacht, cothromas, éifeachtúlacht agus éifeacht a chur chun cinn maidir le cúram sláinte a sholáthar agus sláinte an daonra a fheabhsú. ‘Trí chomhoibriú idir na páirtithe leasmhara iomadúla agus le béim ar oibriú idirdhisciplíneach, tá ról ceannais imeartha ag an HRB in iliomad tionscnamh chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí straitéiseacha um chúram sláinte in Éirinn’, a deir an Dr Teresa Maguire, Ceann Taighde um Shláinte Daonra agus Seirbhísí Sláinte (PHHSR) ag an HRB.

Le linn 2012, chuaigh 30% de chaiteachas iomlán taighde an HRB ar PHHSR. I gcomparáid le caiteachas iomlán taighde an HRB ar PHHSR in 2009 (17%), léiríonn figiúr 2012 dul chun cinn suntasach maidir leis ma hiarrachtaí againn cumas taighde a thógáil sa réimse seo. Sé an sprioc atá leagtha amach ag *Plean Gnó Straitéiseach 2010 – 2014* an HRB ná go gcaithfear 40% de chaiteachas iomlán taighde an HRB ar PHHSR um dheireadh 2014.

Le blianta beaga anuas tá infheistíochtaí lárnacha déanta againn maidir le hoiliúint luathghairme agus lárghairme i dtaighde um shláinte daonra agus seirbhísí sláinte; tá sé seo dírithe ar an chéad ghlúin eile de cheannairí taighde a chothú. Cruthaíodh deiseanna do cheannairí reatha trí chistiú ar infreastruchtúir chriticiúla taighde um PHHSR, agus trí scéimeanna nua dámhachtaine a cheapadh mar chuidiú le múnla na bhfoireann idirdhisciplíneacha is gá chun an taighde claochlaitheach seo a chur ar aghaidh. Ina theannta sin, chruthaíomar deiseanna cistithe atá dírithe ar chuidiú le taighdeoirí a gcuid torthaí a scaipeadh ar phríomhpháirtithe leasmhara, ionas gur féidir le torthaí taghde tionchar tapa a imirt ar pholasaí agus ar chleachtas.

Áirítear ar na príomhinfheistíochtaí le linn 2012:

- €6.9 milliún ar fhoirne idirdhisciplíneacha iardhochtúireachta sa thréimhse 2011-12. Dá thoradh seo, cruthaíodh 31 phost iardhochtúireachta i réimse disciplíní, ar a n-áirítear eacnamaíocht sláinte, staitisticí, eolaíochtaí sóisialta, cógasáíocht agus margaíocht sóisialta.
- €5 mhilliún mar thaca le ceithre Dhámhachtain um Thaighde Comhoibríoch Feidhmeach (CARG). Dámhachtainí cláir ar mhórsála iad seo a thacaíonn le taighde le béis ar chúram sláinte a fheabhsú agus cúram sláinte níos fearr a sheachadadh.
- €4.2 mhilliún ag tacú le 16 dtionscnamh nua i PHHSR tríd an Scéim athchóirithe um Dhámhachtainí Taighde Sláinte.
- €1 mhilliún chun an Scéim um Malartú agus Scaipeadh Eolais (KEDS) a sheoladh. Cuidíonn an scéim seo le taighdeoirí torthaí suntasacha taighde a scaipeadh ar phríomhpháirtithe leasmhara, agus sa chaoi sin tapú le eolas nua taighde a aistriú i bhfeabhsú polasaí sláinte agus cleachtais chliniciúla.

Áirítear ar na príomhthionscnaimh eile:

- na Dámhachtainí Ceannaireachta Taighde a sheoladh mar fhreagra ar bhearnaí straitéiseacha ceannaireachta i PHHSR
- mic léinn fochéime a spreagadh chun dul i mbun oiliúna um thaighde le clár daltachtaí samhraidh. (Bronnadh 58 ndaltacht le linn 2012.)
- As deichniúr taighdeoir idirnáisiúnta a bhuaigh áit ar Chlár Comhaltachta um Chosc ar Ailse 2012 ag an National Cancer Institute (SAM), ba as Éirinn beirt acu. Rinne an HRB agus Cumann Ailse na hÉireann comhchistiú ar an rannpháirtíocht acu sa chlár céimiúil iardhochtúireachta seo a mhaireann cúig bliana. De thoradh tionscnaimh dá leithéid seo, tá cúigear duine in iomlán ag dul ar aghaidh le gairmí tairbheacha taighde ag plé le gnéithe éagsúla de chosc agus smachtú ailse.

Spríoc 2:

Acmhainn taighde um shláinte daonra agus seirbhísí sláinte a thógáil

Daoine sinsearach agus cumas sistéimeach a fhorbairt - na Dámachtainí Ceannaireachta Taighde

Tabharfaidh an Dámhachtain Ceannaireachta Taighde freagra ar easnaimh áirithe scileanna chomh maith le bearnaí infreastrúchtúir agus institiúide ó thaobh torthaí bainteacha taighde a aistriú i bhfeabhsú polasaí agus cleachtais maidir le taighde um shláinte daonra agus seirbhísí sláinte.

Déanfaidh na dámachtainí comhpháirtíochtaí a thabhairt chun cinn; tiocfaidh soláthróirí taighde agus úsáideoirí fianaise taighde le chéile chun aistriú éifeachtach na fianaise taighde i bpolasaí agus i gcleachtas a chur chun cinn.

Is crann taca lárnach den scéim go gcaithfidh institiúidí a n-éiríonn leo gealltanais a thabhairt go leanfaidh siad le cistiú an phoist tar éis na tréimhse tosaigh cúig bliana den dámhachtain. Cuireann sé seo inmharthanacht sa chóras agus tiomáineann sé aistriú tapa eolais nua taighde i bpolasaí agus i gcleachtas san fhadtéarma.

Ionad HRB um Thaighde Sláinte agus Biaréime

Sé Ivan Perry, Ollamh le Sláinte Phoiblí agus Ceann na Roinne Eipidéimeolaíochta agus Sláinte Phoiblí ag Coláiste na hOllscoile Corcaigh (UCC) a stiúraíonn Ionad HRB um Thaighde Sláinte agus Biaréime.

Aithnítear é mar ionad barr feabhais náisiúnta agus idirnáisiúnta. Chomh maith le haschur éachtach eolaíochta - 67 bpáipéar agus 10 dtuarascáil náisiúnta - tá naisc shuntasacha le soláthróirí seirbhíse sláinte agus lucht déanta polasaí sláinte sa réimse biaréime agus sláinte. Comhoibrítear le clinicí náisiúnta otrachta, an bunachar sonraí náisiúnta um otracht chliniciúil, FSS, ionaid cúraim príomhúil, ospidéal treasacha teagaisc, agus le taighdeoirí eile sláinte a oibríonn le tacair sonraí iomadúla. Ina theannta san, bhunaigh an t-ionad naisc idirnáisiúnta le comhoibrithe sa Ríocht Aontaithe, an Eoraip, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Ceanada.



An tOllamh Ivan Perry, Ionad HRB um Thaighde Sláinte agus Bhiaréim

***"Deitéarmanant criticiúil sláinte is ea an bhiaréim",
adeir an tOllamh Perry. "Sé misean an ionaid ná cur leis
an bhonn fianaise ar bhiaréim agus sláinte, agus fianasie láidir a sholáthar mar thionchar ar pholasaí poiblí".***

'Deitéarmanant criticiúil sláinte is ea an bhiaréim', adeir an tOllamh Perry. 'Sé misean an ionaid ná cur leis an bhonn fianaise ar bhiaréim agus sláinte, agus fianasie láidir a sholáthar mar thionchar ar pholasaí poiblí'.

Chomh maith leis an infheistíocht bhunaidh san ionad seo ag an HRB, tá cistiú breise dar luach thart faoi €7 milliún curtha leis ó 2008 anyas.

An chéad ghlúin eile taighdeoirí a oiliúint - Clár Scoláirí PhD

Tá aitheantas idirnáisiúnta ag Clár Scoláirí PhD an HRB mar chlár PhD le struchtúr den scoth. Is cuid lárnach é den iarracht chun dream daoine a thabhairt le chéile leis na scileanna bainteacha is gá chun cumas a thógáil in Éirinn maidir le taighde ar ardcháilíocht um shláinte daonra agus seirbhísí sláinte a chur ar aghaidh feasta.

Ó 2007 anuas, earcaíodh 70 scoláire agus tá 14 thaighdeoir in iomlán a bhain PhD amach, nó atá ar chéim *viva*. Leathnófar an clár anois de thoradh ar athbhreithniú cuimsitheach a rinneadh le linn 2011 agus 2012. Oibreoidh an clár nua Scoláirí PhD um Thaighde Seirbhísí Sláinte, dá ngairmtear SPHeRE, ar bhonn náisiúnta; mar sin, féadfaidh mic léinn ag institiúid ar bith tríúleibhéal bheith páirteach. Chomh maith leis sin, déanfar na modúil a cheapadh chun freastal ar easnaimh scileanna i réimsí mar fhaisnéisíocht, cáilíocht cúraim, measúnú teicneolaíochta sláinte, bealaí cliniciúla a fhorbairt, pleanáil, airgeadas, feabhsú seirbhíse agus anailís ar pholasaí sláinte.

Spríoc 3: Córais Náisiúnta Eolas Sláinte a bhainistiú



Sarah Craig Uas.,
Ceannasaí Córais
Náisiúnta Eolas
Sláinte, HRB

*"Tá faisnéis iontaofa
ar ardcháilíocht
mar bhonn le gach
deachinntiú maidir
le sláinte."*

Tá faisnéis iontaofa ar ardcháilíocht mar bhonn le gach deachinntiú maidir le sláinte. Déanann an HRB bainistíocht ar chúig cinn de phríomhchórais faisnéise sláinte náisiúnta i réimsí na ndrugaí agus alcóil, an mhíchumais agus na meabhairshláinte. Soláthraíonn na córais seo sonraí atá tráthúil agus cruinn mar bhonn eolais do phleanálaithe seirbhíse agus mar chuidiú le cinnteoireacht bunaithe ar fhianaise ins na réimsí seo. Tá aitheantas idirnáisiúnta ag cuid de na córais eolas sláinte seo mar mhúnlaí barr feabhais. Siad na cúig chórais ná:

- An Córas Náisiúnta Tuarascála um Chóireáil Drugaí
- An t-Innéacs Náisiúnta um Básanna Drugabhainteacha
- An Córas Náisiúnta Tuarascála um Othair Chónaithe Shíciatracha
- An Bunachar Náisiúnta Sonraí um Míchumas Intleachta
- An Bunachar Náisiúnta Sonraí um Míchumas Fisiciúil agus Céadfach.

Áirítear ar na gníomhaíochtaí ceannlíne le linn 2012:

- An Tuarascáil Bhliantúil ag Coiste an Bhunachair Náisiúnta um Míchumas Fisiciúil agus Céadfach 2011 a fhoilsiú. Tugann an tuarascáil seo forbhreathnú ar riachtanais speisialaithe sláinte agus seirbhíse sóisialta pearsanta ag daoine a bhfuil míchumas fisiciúil, céadfach agus/nó cainte agus teanga orthu.
- An Tuarascáil Bhliantúil ag Coiste an Bhunachair Náisiúnta um Míchumas Intleachta 2011 a fhoilsiú. Tugann an foilseachán seo eolas ar phróifíl déimeagrafach iad siúd atá cláraithe ar an Bunachar Náisiúnta um Míchumas Intleachta (NIDD), ar a n-úsáid reatha seirbhísí lae

agus cónaitheacha agus ar an réimse tacaí idirdhisciplíneacha a bhaineann siad feidhm astu. Tugann sé eolas freisin maidir le riachtanais daoine faoi mhíchumas intleachta ar sheirbhísí dá leithéid ins na cúig bliana atá romhainn.

- An tuarascáil *Gníomhaíochtaí Aonad agus Ospidéal Síciatrach Éireann 2011* a fhoilsiú. Tugann sé seo anailís ar shonraí faoi othair isteach, othair amach agus básanna in aonaid agus ospidéal síciatracha in Éirinn.
- Figiúirí uasdhátaithe ón Innéacs Náisiúnta um Básanna Drugabhainteacha ar bhásanna drugabhainteacha agus ar bhásanna imeasc úsáideoirí drugaí in Éirinn a fhoilsiú.
- Ceithre pháipéar phiarmheasúnaithe ar ghnéithe de chúram do dhaoine faoi mhíchumas intleachta a fhoilsiú. (Féach liosta iomlán in Aguisín A.)
- Luacháil seachtrach ar an Chóras Náisiúnta Tuarascála um Othair Chónaithe Shíciatracha a choimisiúnú. Léirigh an luacháil seo go sáraíonn an córas seo bonnrátaí idirnáisiúnta maidir le cruinneas agus críochnúlacht.
- Aighneachtaí a ullmhú um thrí chomhairliúchán ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Slainte (HIQA) maidir le rialachas faisnéise agus caighdeán idir-inoibritheachta Shláinte in Éirinn, agus rannpháirtíocht ar choiste comhairlitheach HIQA maidir le caighdeán faisnéise sláinte.
- Athbhreithniú seachtrach a choimisiúnú ar na Córais Náisiúnta Faisnéise Sláinte (NHIS), chun éifeachtúlachtaí oibríochta agus forbairtí feasta maidir le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) a scrúdú.

Tosaíocht domhanda maidir le polasaí a cheapadh do dhaoine le deacrachtaí intleachta agus iad ag dul in aois.

'Mar gheall ar cháilíocht an Bhunachair Náisiúnta um Míchumas Intleachta (NIDD) bhí deis ar leith ag Éirinn - den chéad uair san Eoraip, nó go deimhin ar fud an domhain - forlíonadh um míchumas intleachta a chur le staidéar náisiúnta fadama ar aosú.

Anailís ar bhreis agus 8,500 duine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn, in aois os cionn 50, is ea Staidéar Fadama Éireann ar Aosú (TILDA). Riantar cúinsí sláinte, sóisialta agus eacnamaíoch na ndaoine sin thar thréimhse 10 mbliana. Staidéar ann féin é TILDA imeasc staidéir fadama idirnáisiúnta maidir le leithead na sonraí a bhailítear faoi shláinte fhisiceach, sláinte meabhair agus tomhais chognaíocha.



Grianghraf le Kathleen Lynch, TD, Aire Stáit san Oifig um Míchumas agus Meabhairshláinte ag an Roinn Sláinte, ag bronnadh duais ar Pamela Kavanagh, as iontráil aici a bhuaigh an comórtas náisiúnta um chlúdach a dhearadh do Thuarascáil Bhliantúil NIDD 2011. Roghnaíodh pictiúr Phamela dar teideal 'Butterfly' as breis agus 300 iontráil ó úsáideoirí seirbhíse ar fud na tíre.

Go traidisiúnta, ba nós le staidéir mar seo frámaí samplála mar logeolairí agus rollaí toghthóirí a úsáid; dá dheasca seo, fágadh daoine faoi mhíchumas intleachta (ID) as an áireamh, fiú gan d'aonghnó é, nó bhí na foshamplaí ró-bheag agus/nó neamhionadaíoch chun anailís a dhéanamh.

Tugann an NIDD fráma samplála iomlán náisiúnta chomh maith le gléas chun sampla a roghnú - chun a chinntiú go bhfuil sé ionadaíoch, agus chun a chinntiú freisin go gcosnaíonn sé na hábhair ach ag an am céanna éascaíonn sé próisis earcaíochta agus toilíochta cuí.

Mar sin is féidir linn breithmheasa láidre a dhéanamh ar chosúlachtaí agus difríochtaí suntasacha i saoil daoine le ID agus iad ag dul in aois. Cuidíonn sé linn torthaí sláinte agus sóisialta an aosaithe imeasc daoine le ID a thusicint, agus, níos tábhachtaí fós, tugann sé faisnéis lárnach chun polasaí sa réimse seo a thacú agus a threorú. Ní fhéadfaí é seo a dhéanamh gan an Bunachar Náisiúnta um Míchumas Intleachta'.

An tOllamh Mary McCarron, Príomh-Imscrúdaitheoir DS TILDA

Barrmharc don Chóras Náisiúnta Tuarascála um Othair Chónaithe Shíciatracha

I mí Eanáir 2012 choimisiúnaigh an HRB luacháil neamhspleách ar an Chóras Náisiúnta Tuarascála um Othair Chónaithe Shíciatracha; tuairiscíodh na torthaí i mí Lúnasa 2012. Fuarthas amach gur sháraigh an córas na caighdeáin bonnráta idirnáisiúnta, gur baineadh ardscór amach maidir le rátáil cruinnis agus iomláine, agus gur soláthraíodh faisnéis den chaighdeán is airde, mar bhonn le taighde nó le pleanáil díreach seirbhíse.

Thug na meastóirí chun suntais gur toisc ratha criticiúil é, maidir le cruinneas agus iomláine a bhaint amach, an gaol láidir oibríochta idir na pointí teagmhála NPIRS ins na hospidéil, a bhailíonn na sonraí, agus an fhoireann HRB, a dhéanann comhordú agus anailís.

Ar na príomhúsáideoirí faoi láthair tá an Roinn Sláinte (Oifig um Míchumas agus Meabhairshláinte), FSS (Aonaid Mheabhairshláinte agus Éirim Ghnó), an Coimisiún Meabhairshláinte, bainisteoirí ospidéil, eagrais úsáideoirí seirbhíse, taighdeoirí, cliniceoirí agus gníomhaireachtaí reachtúla.

Sprioc 4:

Fianaise um polasaí agus cleachtas a sholáthar



An Dr Jean Long,
Ceannasaí ar
Ghineadh Fianaise,
HRB

"D'fhéadfadh toirt ollmhór fianaise taighde a bheith ar fáil faoi aon réimse ábhair ar leith."
"Sé bua an HRB ná an fhaisnéis bhainteach a chur ar fáil, ar bhealach inrochtana, mar thaca le polasaí bunaithe ar fhianaise."

Sé ceann de na príomhspríocanna ag *Plean Gnó Straitéiseach 2010 – 2014* an HRB ná aghaidh a thabhairt ar an bhearna 'taighde-go-cleachtas' a fhéadfadh bac a chur le polasaí bunaithe ar fhianaise a fhorbairt ar leibhéal náisiúnta. Aithníonn an Roinn Sláinte an t-easnamh seo go soiléir; i 2010 (nuair a bhí an t-plean straitéiseach reatha á chur le chéile), d'iarr an Roinn ar an HRB creat a chur ar fáil chun a gcuid riachtanais faisnéise a chur in ord tosaíochta, agus ábhar taighde bainteach lena gcuspóirí polasaí a rochtain agus a shintéisiú. D'fhéadfadh toirt ollmhór fianaise taighde a bheith ar fáil faoi aon réimse ábhair ar leith. Sé bua an HRB ná an fhaisnéis bhainteach a chur ar fáil, ar bhealach inrochtana, mar thaca le polasaí bunaithe ar fhianaise.

Ó 2011 anuas, chruinnigh an HRB saineolas suntasach maidir le sintéis agus athbhreithniú fianaise, rud a chuireann luach suntasach leis an Roinn Sláinte. Tacaítear an obair seo le seirbhísí Ionaid Náisiúnta Doiciméadúcháin ar Úsáid Drugaí an HRB, a sholáthraíonn rochtain ar shuíomhanna uile saorfhianaise, suíomhanna polasaí, bunachair agus irisí le rochtain oscailte.

Áirítear ar na príomhaschuir a bhaineann le polasaí ó 2012:

- sintéis agus athbhreithniú fianaise ar ábhair a bhaineann le forbairt reatha polasaí/straitéise, i.e. tuarascálacha cuimsitheacha ar fhianaise a thacaíonn ábhair roghnaithe sláinte agus sóisialta
- nuachtlitir ráithiúil ar fhianaise taighde (*Eolas: uasdhátú fianaise um polasaí*)
- cuardaigh faisnéise faoi ábhair roghnaithe.

Ar an obair a rinneadh sa réimse seo i 2012 áirítear:

- Ceithre athbhreithniú fianaise a chríochnú:
 - Athbhreithniú ar rialáil ghairmiúil cleachtóirí leighis agus conas a oibríonn sé seo i dtíortha éagsúla, Éire san áireamh. Beidh an fhianaise seo mar bhonn eolais le nua-aoisiú reachtaíochta maidir le gairmithe sláinte agus cúraim sóisialta in Éirinn agus le reachtaíocht nua a fhorbairt bunaithe ar an chur chuige cleachtais idirnáisiúnta is fearr, chun a chinntiú go bhfuil cleachtas leighis bunaithe ar fhianaise agus níos sábháilte.
 - Athbhreithniú cuimsitheach ar na torthaí dearfacha agus diúltacha ó churaclaim fochéime altranais agus cnáimhseachais go hidirnáisiúnta. Úsáidfear an fhianaise seo chun a chinntiú go ndéanfaidh cláir chéime do mhic léinn altranais agus cnáimhseachais in Éirinn céimithe a sheachadadh atá foghlamtha agus oile go cuí um oibriú i seirbhís sláinte nua-aoiseach.
 - Dhá athbhreithniú fianaise dírithe mar bhonn eolais ag céimeanna reachtaíochta atá molta maidir le leanaí a chosaint ó charcanaigíní agus tocsainí eile a bhaineann le caitheamh tobac i ngluaisteacha. Mar chuid de na hathbhreithnithe, dar teideal dóibh ‘Epidemiology of second-hand smoking for children travelling in private cars’ agus ‘Effective methods to deal with second-hand smoking by children travelling in private cars’, scrúdaíodh fianaise idirnáisiúnta faoi éifeachtúlacht agus leibhéil chomhlíonta agus forfheidhmithe reachtaíochta dá leithéid i dtíortha eile.
- Cuardaigh eolais a chríochnú mar chuidiú don Roinn Sláinte ar ábhair ar leith dá leithéid seo:
 - tréimhse-go-cóiriú agus an líon cás is gá um chóiriú éifeachtach
 - stádas dlíthiúil agus corparáideach ag ospidéal neamhbhrabúis
 - bunphraghas ar alcól
 - tobhaigh um fhreagracht shóisialta.
- Nuachtlitreacha ráithiúla agus Uasdhátú Fianaise um Polasaí a chur le chéile, ar glacadh go dearfa leo sa Roinn Sláinte.
- Ionad ilfhreastail a sholáthar maidir le fianaise taighde ar dhrugaí agus úsáid drugaí - eolas atá riachtanach do dhaoine atá ag obair sa réimse andúile.




Alcól - tuarascáil ar eolas, dearchtaí agus iompar poiblí.

In 2012 choimisiúnaigh an HRB suirbhé neamhspleách ar 1,020 duine in Éirinn faoin a n-eolas, dearchtaí agus iompair maidir le caitheamh alcóil, margaiocht agus díol alcóil, agus freagraí pholasaí reatha agus dóchúla um dhíobhála sláinte agus sóisialta a bhaineann le halcól. Tugann an tuarascáil ar thorthaí an tsuirbhé, dar teideal *Alcohol: Public knowledge, attitudes and behaviours*, fianaise go gcreideann ceathrar as gach cúigear duine (85%) go bhfuil leibhéil reatha caitheamh alcóil in Éirinn ró-ard, agus go gceapann nach mór ceathrar as gach cúigear duine (78%) go bhfuil de chúram ar an rialtas céimeanna um shláinte phoiblí a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar chaitheamh alcóil. Treisítear neart na fianaise seo mar go bhfuil torthaí an tsuirbhé seo ag réiteach le suirbhéanna ginearálta daonra, suirbhéanna imeasc leanaí scoile, agus suirbhéanna eile faoi dhearcadh an phobail. Léiríonn freagraí na rannpháirtithe ar cheisteanna go dtacaíonn an pobal le feidhmiú roinnt de na céimeanna ar leith ins an *Report of the Working Group on a National Substance Misuse Strategy (for alcohol)*.



Taighde a sholáthar ar bhealach soláimhsithe do chleachtóirí agus lucht déanta polasaí.

Fadhb is ea úsáid aindleathach drugaí a imríonn ar thíortha uile na hEorpa agus a thrasnaíonn teorainn náisiúnta. Imríonn an HRB ról tábhachtach, mar Phointe Fócasach Éireann ag an Lárionad Monatóireachta Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí (EMCDDA) chun aghaidh a thabhairt ar an cheist uile-Eorpach seo. Soláthraíonn an EMCDDA sonraí Éireannacha chuig an AE maidir le cineál, fairsinge, iarmhairtí agus freagraí um úsáid aindleathach drugaí - úsáidtear na sonraí seo mar thaca le beartú polasaí ar dhrugaí ar fud an AE agus ins na Ballstáit. Léiríonn foilseachán an HRB, *Drugnet Ireland*, conas is féidir fianaise ar fhadhb úsáide aindleathaigh drugaí in Éirinn a chur ar fáil ar bhealach soláimhsithe, a chuidíonn le garimithe agus cleachtóirí an cleachtas is fearr agus réimsí nua taighde a aithint.



Tionchar infheistíochta um thaighde sláinte ag an HRB a thomhas

Bailíonn an HRB sonraí ar bhonn sistéimeach maidir le haschur, torthaí agus tionchar an taighde uile a chistíonn sé. Tá an luacháil seo fíorthábhachtach chun a chinntiú go bhfuil na cláir ag oibriú go maith agus cuidíonn sé le riachtanais agus deiseanna um infheistíocht HRB feasta a thabhairt chun solais.

Sa rannóg seo cuirtear síos ar thorthaí agus ar thionchair ó thionscadail taighde HRB a críochnaíodh i 2012 ar fud réimse méadrachta agus táscairí.

Tionchar infheistíochta um thaighde sláinte ag an HRB a thomhas



An Dr Maura Hiney,
Ceannasaí ar
Pholasaí, Luacháil
agus Caidrimh
Sheachtracha, HRB

***"Léiríonn luacháil
torthaí agus
tionchair dhearfa
na n-infheistíochtaí
againn; léirítear
freisin réimsí le
feabhsú, ins na
cláir agus ins
na polasaithe a
thacaíonn iad;
Ar deireadh,
cuidíonn sé seo
linn na spriocanna
straitéiseacha
againn a bhaint
amach."***

Tá sé tábhachtach na gníomhaíochtaí againn a mheasúnú agus a oiriúnú ó am go céile, chun a chinntiú go bhfuil siad 'oiriúnach don fheidhm' agus go bhfuil na torthaí agus na tionchair is aidhm dóibh á baint amach. Léiríonn luacháil torthaí agus tionchair dhearfa na n-infheistíochtaí againn; léirítear freisin réimsí le feabhsú, ins na cláir agus ins na polasaithe a thacaíonn iad. Ar deireadh, cuidíonn sé seo linn na spriocanna straitéiseacha againn a bhaint amach. Leis an eolas a bhailítear, is féidir linn luach an taighde sláinte a chur in iúl ar bhealach níos fearr do dhaoine eile - páirtithe leasmhara polasaí agus cleachtais, an pobal taighde, grúpaí othar, an earnáil fiontar nó an pobal.

Treoraítear bailiú sonraí luachála an HRB leis an Buxton-Hanney Payback Framework for Health Research. Sa chreat seo roinntear méadracht ina cúig chatagóir tionchair a chuimsíonn tionchair sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma - mar eolas a sholáthar, cumas taighde a thógáil, bonn eolais do pholasaí agus don phobal. Cuimsítear tionchair san fhadtéarma freisin, mar shampla, athraithe polasaí, nuálaíochtaí san earnáil sláinte agus gníomhaíocht eacnamaíoch agus tráchtála. Éiríonn na sonraí torthaí agus tionchair a thuairiscítear anseo as dámachtainí dar críochnaíodh a gcistiú in 2012; roghbhliúire ama is ea na sonraí seo, seachas pictiúr iomlán de thionchar leanúnach an taighde a chistíonn an HRB.

Torthaí agus tionchair lárnacha infheistíochta taighde HRB

Bhí infheistíocht €43.7 milliún ag an HRB sna 117 ndámachtain a críochnaíodh le linn 2012. (Toisc cineál timthriallach na ndámachtainí agus a dtréimhsí éagsúla, is féidir athrú ó bhliain go céile ar líon na dtorthaí a cheaptar ag pointe deiridh dámachtaine.)

Ba iad seo a leanas na suntais ar leith ag an HRB in 2012:

- Earcaíodh 3,830 othar um páirt a ghlacadh i 255 thástáil ghníomhach chliniciúil ar fud réimse galar.
- Ba ghairmithe sláinte iad nach mór trian de na daoine a fostaíodh ar dhámhachtainí HRB.
- Tá trí nuálaíocht um chúram sláinte anois ar ardchéim forbartha.
- Bunaíodh 56 chomhoibriú tionsclaíoch-acadúil agus 248 gcomhoibriú nua acadúil. I
- Giaráladh 85 dhámhachtain nua de thoradh torthaí taighde ó dhámhachtainí HRB.
- Bhí triúr chliniceoirí ag feidhmiú mar chomhordaitheoirí ar thionscadail ó Chreatchlár 7 an AE (FP7).
- Bhí toisc tionchair irise ' meán go han-ard' ag 85% de na foilseacháin piarmheasúnaithe a thacaigh an HRB.
- Rinne 61% de thaighdeoirí HRB cur i láthair ag comhdhálacha idirnáisiúnta. Aithisc lárnacha ab ea 15% díobh seo.

Tábla 1: Achoimre ar aschuir ó thionscadail agus cláir a críochnaíodh le linn 2012.


Cineál Aschuir	2012	2011	2010	2009	2008
Líon dámhachtainí (tionscadail agus cláir) a críochnaíodh	117	92	105	111	93
Líon iomlán na bpost taighde a cruthaíodh de thoradh deonú na ndámhachtainí seo	248	113	209	211	243
Líon iomlán na bhfoilseachán, ar rinneadh piarmheasúnú orthu, a d'fhoilsigh daoine a fuair na deontais dámhachtaine seo	418	237	166	302	301
Líon iomlán na nualaíochtaí um chúram sláinte ag éirí as na tionscadail agus cláir seo	26	24	26	28	17
Líon iomlán tionchar agus iarmhairtí ar pholasaí agus cleachtas cúram sláinte ag daoine a fuair na deontais seo.	104	191	61	55	51
Deiseanna tráchtála a cruthaíodh (eg paitinní)	19	15	18	21	N/B
Maoiniú breise a fuair taighdeoirí a mhaoinigh an HRB, de thoradh rath a gcuid oibre	€32.4 milliún	€14 milliún	€11.8 milliún	€14.7 milliún	N/B

Nóta: Ciallaíonn N/B nár bailíodh na figiúirí seo roimhe seo. Le linn 2008 d'athraigh an próiseas luachála dámhachtainí chuig Creat Aisioca, rud a cheadaigh sonraí níos saibhre maidir le torthaí agus iarmhairtí a bhailiú.

Nuálaíocht um chúram sláinte níos fearr

Tá dhá fheidhm ag infheistíocht a chistíonn an HRB. Sé an príomhfhócas ná deiseanna a chruthú maidir le cúram sláinte feabhsaithe a sheachadadh, torthaí sláinte níos fearr agus fianaise taighde a ghineadh mar bhonn eolais um polasaí agus chun cleachtas cliniúil a fheabhsú. Ag an am céanna, téann taighde a chistíonn an HRB chun tairbhe nuálaíochta san earnáil tráchtála eolaíochtaí saoil/bith-theicneolaíochta, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta; cuirtear ar fáil infreastruchtúr agus cumas chun aschuir fiontar laistigh den chóras sláinte agus cúraim shóisialta a léiriú, a fhorbairt, a bhailíochtú agus a ghlacadh.

Maidir le seachadadh cúram sláinte a fheabhsú agus torthaí othar níos fearr, in 2012, thuairiscigh dámhachtainithe gur éirigh 26 nuálaíochtaí um chúram sláinte as a gcuid taighde a chistigh an HRB (Figiúr 3). Ar na nuálaíochtaí seo bhí idirghabhálacha teiripeacha agus coisctheacha (drugaí nó vaicsíní, gléasanna leighis, idirghabhálacha síceolaíochta/iompraíochta), gléasanna diagnóiseacha agus prognóiseacha, córais sláinte TFC, straitéisí nua nó athchóirithe um bainistiú galair, agus gléasanna um chinntí cliniúla a thacú.



Figiúr 3: Líon na nuálaíochtaí um chúram sláinte, de réir chineál, ó dhámhachtainí HRB a críochnaíodh in 2012

Léiríonn na samplaí thíos tuilleadh den dul chun cinn atá déanta againn sa réimse seo.

Cárta nua um rabhadh créachta forbartha um chúram coise diaibéitigh.

Bhí tionchar ar oiliúint ghairmithe cúram sláinte ag tionscadal taighde ar othrais coise diaibéitigh, a chomhchistigh an HRB agus an Grúpa Carthanais um Thaighde Leighis. Bhí an tOllamh Seán Dinneen agus a fhoireann ag Ollscoil na hÉireann Gaillimh páirteach i gClár Oideachais um Chúram Coise le haghaidh Altraí Cleachtaidh a fhorbairt. Tá athbhreithniú ar leibhéal náisiúnta á dhéanamh ar na 'cártaí um rabhadh créachta' a tugadh chun cinn mar chuid den staidéar, chun go nglacfar leo um úsáid go forleathan sa Chlár Náisiúnta um Chúram Coise Dhaibéitigh.

Stróc athfhillteach a thuar

Mar leanacht ar Staidéar Stróc Thuaisceart Átha Cliath, chuaigh grúpa speisialtóirí in Éirinn i gcomhar leis an Ollamh Peter Kelly um bealaí níos fearr a aimsiú maidir le daoine atá i mbaol stróc a aithint. Rinne an fhoireann ag Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath (UCD) agus an Ospidéal Mater feabhas ar scórchárta priacail atá in úsáid idirnáisiúnta trí thástáil tuarach a fhorbairt. Ríomhann an tástáil priacal athfhillteach stróc a bhaineann le marcóirí cliniciúla, stíl mhaireachtála, géar/téarnamh agus próifíl MRI i ndiaidh stróc céaduaire éadrom go measarthach. Feabhsaíonn an staidéar seo cúram ó lá go lá sa tseirbhís sláinte dóibh siúd atá ar ardphriacal stróc, céaduaire nó athfhillteach.

Táscaire níos tábhachtaí ar thionchar taighde atá á chistiú ar chostas poiblí in Éirinn ná líon na ndámhachtainí taighde atá ag soláthar aschuir gur féidir iad a thráchtáil, agus an leibhéal de chomhoibriú atá ar bun idir an earnáil acadúil agus an earnáil tionsclaíoch. Thaispeáin anailís ar thuarascálacha iardhámhachtaine in 2012 go raibh, in iomlán, 19 sealbhóir dámhachtaine HRB páirteach i 68 ngníomhaíocht tráchtála. De thábhacht ar leith, bhunaigh sealbhóirí dámhachtaine 56 chomhoibriú acadúil/tionsclaíoch, a chuideoidh le nuálaíochtaí tionscail bainteach le sláinte a aithint agus iad seo a bhogadh níos cóngaraí don mhargadh.

Is léiriú ar bhua againn sa réimse seo an sampla thíos.

Greamachán fíocháin um thorthaí iarobráide níos fearr.


Tá úsáid níos mó á baint as greamacháin um chóiriú créachta. Ach, féadfaidh na greamacháin seo díobháil a dhéanamh ar fhíochán timpeallach le himeacht aimsire, agus féadfaidh siad airí tocsaineacha a bheith acu. freisin Rinne an Dr Wenxin Wang agus a fhoireann ag Ollscoil na hÉireann Gaillimh nua-pholaiméir in-bhithmhíllte agus trasnascach (PDA) a fhorbairt. Tá luas leighis insmachtaithe aige seo; féadfaidh sé oibriú mar ghreamachán láidir, slán agus tapa um dhúnadh tráthúil créachta in gcásanna práinne, nó mar ghreamachán insmachtaithe leighis um chréachta doimhne obráide. Mar gheall ar na hairí in-bhithmhíllte aige, féadfaidh an táirge seo na míbhuntáistí ag greamacháin reatha fíocháin a shárú, mar go milleann sé ar deireadh i bhfotháirgí neamhthocsaineacha is féidir a mheitibiliú go sábháilte sa chorp.

Tionchar a imirt ar pholasaí agus ar chleachtas

Ar cheann de phríomhchuspóirí HRB tá fianaise a ghintear trí infheistíocht taighde HRB a chur in úsáid chun polasaí a fhorbairt agus cleachtas cliniciúil agus sláinte phoiblí a fheabhsú. Is féidir le taighdeoirí a chinntiú gur féidir leis an fhianaise a ghintear ón taighde acu, cistithe ag an HRB, tionchar a imirt ar pholasaí agus ar chleachtas ar iliomad bealach, ar a n-áirítear:

- tuarascálacha, treoirlínte, coimrí polasaí, lámhleabhair etc. a fhoilsiú atá dírithe ar lucht déanta polasaí sláinte nó chleachtóirí.
- idirghníomhaíochtaí le tairbhíthe/úsáideoirí taighde ins na hearnálacha polasaí sláinte nó cleachtais chliniciúil
- róil chomhairlitheacha nó ballraíocht sainghrúpaí (eg coiste um fhorbairt treoirlíne nó polasaí)
- taighde cistithe ag an HRB á lua i ndoiciméid lárnacha cliniciúla nó polasaí sláinte
- torthaí taighde in úsáid mar bhonn eolais um oideachas nó oiliúint ghairmithe sláinte nó lucht déanta polasaí.

Tá taighdeoirí HRB an-ghníomhach sa réimse seo agus, in iomlán, thuairiscigh sealbhóirí dámhachtaine HRB 104 aschuir pholasaí/chleachtais ó dhámhachtainí a críochnaíodh in 2012 (Figiúr 4).



Figiúr 4: Líon aschuir agus tionchair pholasaí agus chleachtais de réir chatagóir, nasctha le tionscadail/cláir dar críochnaíodh a gcistiú HRB le linn 2012

Léiríonn na samplaí thíos tuilleadh den dul chun cinn atá déanta againn sa réimse seo.

Polasaithe a imríonn ar shaol leanaí

Tríd an taighde aici ar roghanna leanaí maidir le cinntí um chúram sláinte, ghlac an tOllamh Imelda Coyne, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (TCD) ballraíocht den Ghrúpa Téamach Pholasaí 'Children's voices will be heard', atá ag cur moltaí pholasaí chun cinn maidir leis an Straitéis Náisiúnta um Leanaí in Éirinn. Tugadh cuireadh freisin don Ollamh Coyne dul ar an croíchoiste chun Straitéis nua Náisiúnta Sonraí um Leanaí a fhorbairt (An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige).

Treoirínte um Fhaireachas Eitinne

De thoradh fhianaise a gineadh trí thaighde a rinne an tOllamh Joe Keane, Eolaí Cliniceora HRB ag Ospidéal San Séamas, d'imir sé ról lárnach ar an Bhord Náisiúnta Comhairlitheach um Eitinn, a thug chun críche treoirínte náisiúnta maidir le Caighdeáin Diagnóise agus Rangú Eitinne in Aosaigh agus Leanaí. Chuidigh an tOllamh Keane chomh maith le treoirínte Chumann Cliniciúil Eorpach SEIF (EACS) um bainistiú SEIF/Eitinne a fhoirmliú.

An bonneagar taighde cliniciúil in Éirinn a thógáil:

Caithfidh córas taighde cliniciúil in Éirinn atá oiriúnach um fheidhme na gnéithe seo a leanas a chuimsiú: infheistíocht in infreastruchtúir a áisíonn diantástáil táirgí leighis, gléasanna leighis agus diagnóisice, chomh maith le tástáil teirpeacha eile cosuil le fisiteiripe, teiripe iompraíoch, máinliacht, radaíocht agus iliomad eile idirghabhálacha agus nósanna imeachta cliniciúla. Le linn 2012, rinne an HRB obair shuntasach chun a chinntiú gur féidir le hÉirinn feidhm a bhaint as deiseanna a chruthaíonn taighde bithleighis, bunaidh agus feidhmeach, um chúram othar agus riachtanais an tionscail cúram sláinte a fheabhsú trí bonneagar taighde cliniciúil a fhorbairt.

Déanann infheistíochtaí HRB in Ionaid Taighde Cliniciúil lonnaithe ar champais ospidéil, chomh maith le líonraí um thástálacha cliniciúla teoraithe ag imscrúdaitheoirí (mar ICORG agus Ionad Bhaile Átha Cliath um Thaighde Cliniciúil (DCCR)), taighde cliniciúil indéanta agus éifeachtach le haghaidh imscrúdaitheoirí cliniciúla. chomh maith déantar taighde cliniciúil sabháilte do rannpháirtithe agus faigheann an tionscal cúraim shláinte rochtain ar chliniceoirí agus a n-othair.

Le linn 2012, rinneadh 255 staidéar gníomhach de gach cineál, ina raibh 3,830 n-othar páirteach, ag baint feidhme as na háiseanna taighde seo (Tábla 2). Cé go raibh CRF agus ICORG dírithe ar na tástálacha cliniciúla níos déine, ba staidéir bhreathnadóireachta agus bithchnuasaigh ar fad nach mór a rinne an Líonra DCCR.


Tábla 2: Staidéir a bhí gníomhach in 2012 agus líon othar a earcaíodh ar fud infreastruchtúir taighde cliniciúil HRB.

Áiseanna Taighde Chliniciúil		Líonra DCCR		ICORG	
Líon staidéar	Othair a earcaíodh	Líon staidéar	Othair a earcaíodh	Líon staidéar	Othair a earcaíodh
126	695	16	1,673	113	1,462

Infheistíocht Daonacmhainne

Léiríonn fianaise idirnáisiúnta go seachadtar cúram níos fearr agus níos nuálaí i gcóras cúram sláinte ina mbíonn baill foirne ar an eolas agus i dteagmháil le taighde. Is gá do ghairmithe cúram sláinte bheith ag obair i dtimpeallacht ina nglactar go leanúnach le smaointe nua agus ina ndéantar iad a chomhtháthú ar bhonn córasach san obair ó lá go lá.

Spreagann an HRB gairmithe cúram sláinte um páirt a ghlacadh - agus gairmí a fhorbairt - i dtaighde trí thionscadail agus cláir cistithe ag an HRB. Chun taighde a chomhtháthú i gcroílár an chúram sláinte, tá infheistíocht déanta againn i ndaonacmhainní, i dtionscadail, i gcláir agus in infreastruchtúir. Ba as cúlra gairme sláinte (i.e. dochtúirí, altraí agus gairmithe sláinte eile) iad 77 den 248 nduine a fostaíodh ar dhámhachtainí a críochnaíodh le linn 2012. Rinne trian nach mór de na daoine seo clárú um PhD freisin. Tacaíodh 80 taighdeoir iardhochtúireachta agus 74 mhac léinn le cistiú HRB in 2012; bhí cuid mhór de na daoine seo ag obair laistigh den chóras sláinte (Figiúr 5).



Figiúr 5: Líon daoine (de réir ghairme/slí bheatha) a cistíodh trí dhámhachtainí HRB a críochnaíodh in 2012

Ag scaipeadh an scéil


Tá scaipeadh ag croílár an phróisis eolaíoch. Cumasaíonn sé taighdeoirí um thógáil ar eolas eolaíoch agus um chomhoibrithe a fhorbairt le comhghleacaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta chun réimsí taighde ar leith a chur chun cinn. Áirítear ar tháscairí tábhachtacha gníomhaíochta scaipthe:

- páipéir phiarmheasúnaithe a fhoilsiú in irisí eolaíocha, go háirithe in irisí idirnáisiúnta a bhfuil tionchar 'meán go hard' acu chomh maith le léitheoireacht leathan agus creidiúnacht eolaíoch.
- cur i láthair béil agus postaeir ag comhdhálacha speisialaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta
- cuirí um páipéir lárnacha a chur i láthair ag comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta
- comhoibriú le comhghleacaithe eolaíocha náisiúnta agus idirnáisiúnta

As 117 dtionscadal cistithe ag an HRB ar tuairiscíodh orthu le linn 2012, tháinig 418 bhfoilseachán eolaíoch piarmheasúnaithe, nó meán 3.5 fhoilseachán piarmheasúnaithe in aghaidh gach dámhachtain. Foilsíonn taighdeoirí HRB i réimse leathan irisí idirnáisiúnta a bhaineann le sláinte. Ba é an meánscore um chúinse

tionchair irise ag foilseacháin HRB ná 4.9. Bhí breis agus leath de na foilseacháin seo (57%) sa mheánchatagóir tionchair, agus bhí 28% eile sa chatagóir ardtionchair (IF>5) go han-ardtionchair (IF>10).

Chomh maith le foilseacháin phiarmheasúnaithe, is táscaire um rannpháirtíocht agus aitheantas idirnáisiúnta é chomh forleathan is a léiríonn taighdeoirí a gcuid oibre ag comhdhálacha eolaíocha náisiúnta agus idirnáisiúnta (Figiúr 6). Dealraíonn go bhfuil sealbhóirí dámhachtaine cistithe ag an HRB an-ghníomhach ar scála idirnáisiúnta; ba iad cur i láthair (béil agus postaeir) ag comhdhálacha idirnáisiúnta an cineál scaipthe ba choitianta (720 as 1,173 chur i láthair in iomlán). Cur i láthair lárnacha ab ea 111 díobh seo. Chomh maith leis sin, fuair sealbhóirí dámhachtaine cistithe ag HRB 45 chuireadh eile um chainteanna lárnacha náisiúnta a thabhairt - féactar air seo mar tháscaire tábhachtach um aithint agus gradam eolaíoch sa phobal idirnáisiúnta.



Figiúr 6: Líon na ngníomhaíochtaí scaipthe eolaíocha de réir chatagóir ceangailte le dámhachtainí HRB a críochnaíodh in 2012

Tá sé tábhachtach torthaí taighde a scaipeadh níos leithne ar phobail neamheolaíocha maidir le tuiscint an phobail ar eolaíocht a fheabhsú, othair um thástálacha cliniúla a earcú, agus chun sochair agus luach taighde sláinte a chothú chuig páirtithe leasmhara neamheolaíocha. Thug sealbhóirí dámhachtaine tuairisc ar ghníomhaíochtaí fairsinge maidir le torthaí taighde a scaipeadh. Orthu san bhí tuairisciú ar thaighde acu a chistigh an HRB sa phreas náisiúnta agus idirnáisiúnta; cur i láthair chuig

lucht féachana tuata (an pobal ginearálta, grúpaí othar, aithisc scoile etc); agallaimh raidió nó teilifíse bainteach lena dtaighde cistithe ag an HRB; tagairtí ar a dtaighde i nuachtlitreacha nó foilseacháin ar líne; preasráitis ag cur síos ar thorthaí suntasacha taighde.

Rannpháirtíocht sa chóras taighde níos leithne

I dtimpeallacht eacnamaíoch an lae inniu, tá sé fíor-riachtanach gur féidir le taighdeoirí Éireannacha cistiú a ghnóthú agus teacht ar eolas, oilteacht agus áiseanna nuair is ann dóibh, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Baineann tábhacht ar leith le Creatchlár 7 an AE (FP7) mar fhoinse thábhachtach cistithe neamh-státhchiste do thaighdeoirí sláinte Éireannacha; bronnadh €65.9 mhilliún ar thaighdeoirí sláinte Éireannacha go dtí seo. D'imir an HRB ról fíorlárnach maidir le dul chun cinn na hÉireann sa chlár seo, leis na Pointí Teagmhála Náisiúnta um Shláinte agus an Toscaire Náisiúnta um Shláinte chun tacú agus comhairle a sholáthar d'iarratasóirí, agus freisin chun feasacht náisiúnta ar FP7 a ardú (féach Tábla 3).


Ó thosaigh FP7 sa bhliain 2007, d'éirigh níos fearr le taighdeoirí sláinte Éireannacha i gcomparáid lena gcomhpháirtithe Eorpacha. Tá taighdeoirí Éireannacha páirteach in 89 dtogra rathúil, agus comhordaitheoirí Éireannacha ar 25 acu. Spreagann an HRB cliniceoirí Éireannacha um rannpháirtíocht ar leibhéal níos mó. Go dtí seo, bronnadh 15.5% de chistiú sláinte FP7 a tháinig go hÉirinn (i.e. €10.2 milliún) ar cheithre thástáil chliniciúil, iad uile comhordaithe ag cliniceoirí Éireannacha. Iarratasóirí céadair ab ea an chuid ba mhó de na comhordaitheoirí seo. Tá trí chinn de na tástalacha seo lonnaithe ag Ionad Taighde Cliniciúil an HRB i gCorcaigh.

Tábla 3: Rátaí ratha taighdeoirí sláinte Éireannacha páirteach i gCreatchlár 7 an AE sa thréimhse 2007-12

Cineál Aschuir	2012	2011	2010	2009	2008	2007
Líon páirtnéirí rathúla	21	20	9	13	15	17
Líon comhordaitheoirí rathúla	10	3	7	1	4	0
Ráta ratha na dtionscadal Éireannach	42%	41%	80%	50%	24%	24%
Ráta ratha AE	39%	41%	41%	42%	20%	17%
Cistiú sláinte iomlán FP7 bronnta ar Éirinn	€18.6 milliún	€13.6 milliún	€17.4 milliún	€4.4 milliún	€5.9 milliún	€6 milliún

I gcás dámhachtainí HRB a críochnaíodh in 2012, fuarthas 85 dhámhachtain breise de thoradh torthaí taighde a d'éirigh as dámhachtain bhunaidh an HRB. Bhí luach iomlán €32.4 mhilliún ag na dámhachtainí seo; tháinig €18.1 milliún ó fhoinsí státchiste Éireann mar Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, Fiontraíocht Éireann agus Comhairle Taighde na hÉireann. Go suntasach, tháinig €14.2 mhilliún ó fhoinsí neamh-státchiste mar an AE, carthanais leighis agus lucht tionscail.

Chun an ghníomhaíocht ghíarála seo a chumasú, tá sé fíor-riachtanach comhoibrithe agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt le taighdeoirí, carthanais agus comhlachtaí gairmiúla sláinte eile, náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus le tionscal chomh maith. I gcás an 117 dtionscadal agus clár, dar gcríochnaíodh a gcistiú 2012, thuairiscigh na sealbhóirí dámhachtaine gur bunaíodh 304 chomhoibriú nó comhpháirtíocht nua le linn saolré a ndámhachtainí HRB (Figiúr 7).



Figiúr 7: Líon na gcomhoibriú de réir chatagóir - náisiúnta agus idirnáisiúnta - ceangailte le dámhachtainí HRB a críochnaíodh in 2012

Oibríochtaí corporáideacha



Kevin Roantree,
Stiúrthóir Oibríochtaí
Corporáideacha, HRB

Tacaíonn Oibríochtaí Corporáideacha HRB le seachadadh éifeachtach príomhspríocanna HRB. Cuimsíonn sé Airgeadas, TFC, Daonacmhainní agus Forbairt Eagraíochtúil, Cumarsáid agus Rialachas Corporáideach. Díritear ar chleachtais bhainistíochta den scoth a chur chun cinn, luach ar airgead a sheachadadh agus rialachas corporáideach den scoth a chinntiú. Imríonn an Stiúrthóireacht ról lárnach freisin maidir le torthaí taighde a scaipeadh.

Áirítear ar phríomhghníomhaíochtaí 2012:

- Athbhreithniú ó bhonn ar sheirbhísí agus ar thiomantais um thosaíochtaí eagraíochtúla a shannadh, chun deiseanna um fheabhsú ar chórais agus ar phróisis a léiriú, chomh maith le freagra réamhghníomach a thabhairt ar dhúshlán pleanála foirne.
- Tar éis chomhoibriú le baill foirne san Stiúrthóireacht um Straitéis agus Cistiú Taighde, tosaíodh ar Chóras nua Leictreonach um Bainistiú Dámhachtaine (GEMS) a fheidhmiú. Córas slán, so-úsáidte, bunaithe ar ghréasán is ea GEMS, lena bhainistítear gach céim den phróiseas um iarratas dámhachtaine ag an HRB, ón iarratas tosaigh agus piarmheasúnú chuig tuairisciú beo dámhachtaine agus bainistiú saolré.
- Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta na Státseirbhíse a ghlacadh agus a fheidhmiú.
- Clúdach na meán ar thaighde cistithe ag an HRB a mhéadú faoi 32%, le méadú dá réir 26% sa choibhéis luacha fógraíochta meáin (M-AVE). Bhain 29% den mhéid iomlán agus 67% den luach iomlán leis na nuachtáin laethúla náisiúnta.
- Rannpháirtíocht san Fhóram Oscailte Eolaíochta Eorpach agus taispeántas CURIOUS? ealaíona sráide mar chuid de thionscnamh Eolaíochta Chathair Bhaile Átha Cliath 2012.

Rialachas corporáideach

An Bord

Tá deichniúr comhalta ar Bhord an HRB a cheapann an tAire Sláinte mar a leagtar amach in Alt 5 den Ordú um an mBord Taighde Sláinte (Bunú) 1986 (I.R. Uimh 279 de 1986) mar a leasaíodh. Sé cúigear an córam um chruinnithe boird.

Scor cúigear comhalta den Bhord de réir uainíochta ar 11 Meitheamh 2012, mar seo a leanas:

An Dr. Reg Shaw (Cathaoirleach)

An tOllamh Catherine Godson

An tOllamh Michael Kerin

An tOllamh Frances Ruane

An tUasal Brian Sweeney

Ar 13 Nollaig 2012, cheap an tAire Sláinte triúr comhalta nua ar an Bhord. Bhí dhá fholúntas ar an Bhord ag deireadh 2012. D'fhreastail comhaltaí nuacheapaithe an Bhoird an chéad chruinniú Boird acu ar 15 Feabhra 2013.

Is iad seo a leanas comhaltaí nua an Bhoird:

An Dr Declan Bedford (Cathaoirleach)

An tOllamhMJ Duffy

An Dr Tom O'Callaghan

Comhaltaí Boird, Nollaig 2012



An Dr Declan Bedford
(Cathaoirleach)
Speisialtóir um
Leigheas Sláinte Poiblí



An tOllamh Conor M. Burke
Lia Comhairleach Riospráide
Ospidéal Shéamais Uí
Chonghaile agus
Ospidéal Mater



An Dr Colin Doherty
Néareolaí Comhairleach
Ospidéal San Séamas,
Baile Átha Cliath



An tOllamh MJ Duffy
Ollamh Taca,
An Scoil Leighis agus
Eolaíochta Leighis
Coláiste na hOllscoile,
Baile Átha Cliath



An Dr Tom O'Callaghan
Stiúrthóir Cliniciuil
Livinghealth Clinic



John McCormack Uas
Príomhfheidhmeannach
Cumann Ailse na hÉireann



An tOllamh Prem Puri
An tIonad Náisiúnta um
Thaighde Leighis Leanai,
Baile Átha Cliath



An Dr Marion Rowland
Ionad Taighde
agus Oideachais
Catherine McAuley
Coláiste na hOllscoile,
Baile Átha Cliath



Carol Cronin Uas.
Rúnaí Boird
(nach Comhalta Boird)

Coistí Boird

Bhunaigh an Bord trí choistí mar chuidiú lena fheidhmeanna a dhéanamh:

Coiste Iniúcháireachta

Cuidíonn agus tacaíonn an Coiste Iniúcháireachta leis an Bhord maidir le monatóireacht ar thuairisciú airgeadais, athbhreithniú ar éifeacht na rialuithe inmheánacha, agus teagmháil le hiniúcháirí seachtracha. Tháinig an Coiste le chéile uair amháin le linn 2012.

Comhaltaí: Brian Sweeney Uas. (Cathaoirleach)

(go 11 Meitheamh 2012)

An tOllamh Catherine Godson

(go 11 Meitheamh 2012)

An Dr Marion Rowland

An tOllamh Frances Ruane

(go 11 Meitheamh 2012)

An Dr Eamonn Cahill

(seachtrach)

Choiste Tosaíochta um Chistiú Taighde

Cuireann an Choiste Tosaíochta um Chistiú Taighde comhairle ar an Bhord maidir le scéimeanna agus tionscnaimh um chistiú taighde, agus ar chomhlíonadh na bplean caiteachais maidir le *Plean Gnó Straitéiseach HRB 2010–2014*. Tháinig an Coiste le chéile dhá uair le linn 2012.

Comhaltaí: An tOllamh Catherine Godson

(Cathaoirleach)

(go 11 Meitheamh 2012)

An Dr Colin Doherty

An tOllamh Michael Kerin

(go 11 Meitheamh 2012)

John McCormack Uas

Brian Sweeney Uas.

(go 11 Meitheamh 2012)

An tOllamh Hannah McGee

(seachtrach)

An tOllamh Ivan Perry

(seachtrach)

Coiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta

Déanann an Coiste maoirsiú ar an nós imeachta um roghnú an Phríomhfheidhmeannaigh; athbhreithniú ar luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh laistigh de na treoirlínte a shocraíonn an Rialtas ó am go céile, agus gníomhú mar ghrúpa comhairleach don Phríomhfheidhmeannach chun feidhmíocht agus forbairt na foirne bainistíochta shinsearaigh a athbhreithniú. De ghnáth tagann an Coiste le chéile uair sa bhliain, ach níor tháinig sé le chéile le linn 2012.

Comhaltaí: An Dr Reg Shaw (Cathaoirleach)

(go 11 Meitheamh 2012)

An tOllamh Frances Ruane

(go 11 Meitheamh 2012)

An tOllamh Michael Kerin

(go 11 Meitheamh 2012)

An tOllamh Prem Puri

Tábla 4: Tinreamh comhaltaí ar chruinnithe Boird le linn 2012

	Bord cruinnithe	Cruinnithe den Choiste Iniúcháireachta	Cruinnithe den Choiste Tosaíochta um Chistiú Taighde
An Dr R Shaw (Cathaoirleach)	2 (2)	-	-
An tOllamh C Burke	3 (4)	-	-
An Dr C Doherty *	3 (4)	-	1 (2)
An tOllamh C Godson #*	1 (2)	1 (1)	2 (2)
An tOllamh M Kerin *	2 (2)	-	1 (2)
An tUas J McCormack *	3 (4)	-	2 (2)
An tOllamh P Puri	3 (4)	-	-
An Dr M Rowland #	4 (4)	1 (1)	-
An tOllamh F Ruane #	1 (2)	1 (1)	-
An tUas B Sweeney #	2 (2)	1 (1)	2 (2)
Seachtrach			
An Dr E Cahill #	-	1 (1)	-
An tOllamh H McGee *	-	-	1 (2)
An tOllamh I Perry *	-	-	1 (2)

Nóta: Léiríonn figiúirí idir lúibíní líon na gcruinnithe a tharla le linn tréimhse oifige an bhaill Boird/Coiste.

léiríonn comhaltacht an Choiste Iniúcháireachta; * léiríonn comhaltacht an Choiste Tosaíochta um Chistiú Taighde.

Reachtaíocht

Gníomhaireacht reachtúil féinrialaitheach is ea an Bord Taighde Sláinte a bunaíodh faoin Ordú um an mBord Taighde Sláinte (Bunú) 1986 (I.R. Uimh 279 de 1986) mar a leasaíodh. Leagtar amach feidhmeanna an Bhoird Taighde Sláinte mar:

- Taighde sláinte a spreagadh, a chuidiú, a choimisiúnú nó a stiúradh chun sláinte a fheabhsú agus éifeachtúlacht na seirbhísí sláinte a mhéadú.
- Córais um eolas sláinte a chothabháil, a fhorbairt nó a thacú chun críche taighde agus an fhianaise a sholáthar um pholasaí agus seirbhísí sláinte.
- Teagmháil agus comhoibriú le comhlachtaí eile taighde sa Stát agus lasmuigh den Stát maidir le taighde bainteach a chothabháil, a choimisiúnú nó a stiúradh.
- Teagmháil le comhlachtaí eile um eolas sláinte sa Stát agus, nuair is cuí, lasmuigh den Stát maidir le córais um eolas sláinte a fhorbairt agus a thacú.
- Ag comhlíonadh a fheidhmeanna dó caithfidh an Bord Taighde Sláinte aird a thabhairt ar pé aidhmeanna agus spriocanna ginearálta taighde a chineann an tAire Sláinte ó am go céile, agus aird a thabhairt ar fheabhas agus bainteacht le sláinte agus le cleachtas is fearr idirnáisiúnta.

Sa bhreis ar a reachtaíocht rialaitheach féin, caithfidh an Bord Taighde Sláinte réimse riachtanas eile reachtúil agus riaracháin (Náisiúnta agus AE) a chomhlíonadh. Go háirithe, tá nósanna imeachta curtha in áit chun comhlíonadh na riachtanas ar leith seo a leanas a chinntiú:

Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit

Comhlíonann an Bord Taighde Sláinte go hiomlán an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tugtar tuarascáil bhliantúil don Roinn Sláinte, agus tá Lámhleabhar Rialachais dá chuid féin i bhfeidhm. Comhlíonann an Bord Taighde Sláinte na treoirlínte um bainistiú priacail atá sa Chód. Tugtar priacail chuig an Choiste Iniúcháireachta agus chuig an Bhord, nuair is cuí, go rialta agus pléitear iad ag cruinnithe den Fhoireann Feidhmiúcháin.

Fógairt leasa

Faoi réir ag Alt 13 den Ordú um an mBord Taighde Sláinte (Bunú), caithfidh comhaltaí den Bhord, de choistí agus de phainéil roghnaithe/luachála dámhachtaine, chomh maith le baill foirne an Bhoird Taighde Sláinte, aon leas airgid nó tairbheach eile atá acu i gceist ar bith, nó a bhaineann le ceist ar bith, a thagann os comhair an Bhoird Taighde Sláinte a fhógairt agus iad féin a choinneáil amach ón phróiseas cinnteoireachta.

Faoi réir forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, tá ráitis leasa tugtha ag gach comhalta boird agus gach ball foirne in bpost ainmnithe ag an Bhord Taighde Sláinte, agus coimeádann an Bord Taighde Sláinte Clár Leasanna Comhaltaí Boird agus Coiste.

Achtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003

Is comhlacht forordaithe é an Bord Taighde Sláinte faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Tugann na hAchtanna seo ceartas dlíthiúil do dhaoine faisnéis atá ar coimeád ag comhlachtaí poiblí a rochtain, chomh fada agus is féidir, i gcomhréir le leas an phobail agus ceartas um phríobháideacht. Ach tugann na hAchtanna seo cosaintí láidre do dhaoine nó foirne taighde a thugann eolas don Bhord Taighde Sláinte atá faoi rún, gnó-íogair nó pearsanta. Ba chóir iarratais um fhaisnéis faoin reachtaíocht seo a sheoladh chuig Oifigeach Saorála Faisnéise, Bord Taighde Sláinte, 73 Sráid Bhagóid Íochtarach, Baile Átha Cliath 2.

Achtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003

Tá an Bord Taighde Sláinte tiomanta chuig polasaí um cheartais agus príobháideacht daoine a chosaint de réir na reachtaíochta um chosaint sonraí.

Rialacháin um Athúsáid Faisnéise Earnála Poiblí 2005

Comhlíonann an Bord Taighde Sláinte na rialacháin um Athúsáid Faisnéise Earnála Poiblí (Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Athúsáid Faisnéise Earnála Poiblí) 2005 (IR 279 de 2005)) agus spreagann sé athúsáid na faisnéise a scaipeann sé.

Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas Oibre 2005

Glacann an Bord Taighde Sláinte céimeanna cuí chun sábháilteacht, sláinte agus leas fostaithe agus cuairteoirí uile laistigh dá chuid oifigí a chosaint chun forálacha an Achta seo a chomhlíonadh, agus tá céimeanna glactha chun ceartais agus dualgais fostóirí agus fostaithe faoin Acht a chur ar eolas.

Acht um Míchumas 2005

Caithfidh an Bord Taighde Sláinte an tAcht um Míchumas 2005 a chomhlíonadh. Leagann an tAcht seo ar fhostóirí earnála poiblí a chinntiú gur daoine faoi mhíchumas iad 3% ar a laghad den lucht oibre, agus go dtuairiscíonn siad gach bliain maidir le líon na ndaoine faoi mhíchumas atá fostaithe acu agus na céimeanna atá glactha acu chun daoine faoi mhíchumas a fhostú.

Achtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 agus 2004

Tá an Bord Taighde Sláinte tiomanta chuig polasaí comhdheiseanna, agus déantar dícheall chun cion tairbhe aonair a spreagadh agus difríochtaí a mheas. Chuige seo, tá an HRB tiomanta um a chinntiú ná tugtar do bhall foirne, nó d'iarratasóir um fhostaíocht, cóir is lú fabhar ná aon duine eile maidir le inscne, stádas pósta, stádas clainne, gnéaschlaonadh, creideamh, aois, míchumas, cine, comhaltas den lucht siúil, ná cúinse ar bith eile ná baineann le dea-chleachtas fostaíochta.

Soláthar poiblí

Feidhmíonn an Bord Taighde Sláinte rialacha náisiúnta agus Treoracha AE um sholáthar poiblí maidir le earraí agus seribhísí a cheannach. Nuair is praiticiúil é baineann an Bord Taighde Sláinte feidhm as creatchonarthaí atá i bhfeidhm ag an Seirbhís Náisiúnta Soláthair.

Íoc pras cuntas

Tagann an Bord Taighde Sláinte faoi réim ag an Acht um Íoc Pras Cuntas 1997 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirghabhálacha Tráchtála) 2002, agus tá sé tiomanta chuig oibleagáidí aige a chomhlíonadh faoin Riail um Íoc Pras 15-lá a tháinig i bhfeidhm ar 1 Iúil 2011. Tá próisis i bhfeidhm chun sonraisc uile a rianú agus déantar sraitheanna íocaíochta seachtainiúla chun íoc pras a chinntiú.

Tuairisciú corporáideach bainistíochta

San Ordú um an mBord Taighde Sláinte (Bunú), leagtar síos riachtanas um plean bliantúil seirbhíse agus pleananna corporáideacha cúigbliana a ullmhú. Tá próiseas ar bun ag an Bhord Taighde Sláinte chun forbairt na ndoiciméad seo a threorú agus creat tuairiscithe um monatóireacht ar dhul chun cinn.

Sliocht as na Ráitis Airgeadais

An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

le haghaidh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2012

	2012	2011
	€	€
IONCAM		
Deontas Ioncaim ón Roinn Slainte	31,916,000	30,300,000
Maoiniú Taighde Eile	1,133,613	1,570,329
Ús Infhaighte agus Ioncam Eile	20,850	8,577
Aistriú Méid Leithdháilte go Cúlchistí Caipitil chun Sócmhainní Seasta a Mhaoiniú	(14,669)	(8,886)
	33,055,794	31,870,020
CAITEACHAS		
Dámhachtainí	26,154,534	24,945,503
Córais eolas sláinte	1,231,950	1,287,048
Cruthú Fianaise agus Bróicéireacht Eolais	989,605	1,064,102
Caiteachas Corparáideach agus Clárbhainistiú	4,661,079	4,591,760
	33,037,168	31,888,412
BARRACHAS/(EASNAMH) DON BHLIAIN	18,626	(18,392)
Cúlchiste ioncaim ar 1 Eanáir	36,024	54,416
CÚLCHISTÍ IONCAIM AMHAIL AN 31 NOLLAIG	54,650	36,024

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil

Ie haghaidh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2012

	2012 €	2011 €
IONCAM		
Deontas Caipitiúil ón Roinn Slainte	7,047,988	7,710,105
Amúchadh an Chuntais Ciste Chaipitiúil	44,489	58,491
	7,092,477	7,768,596
CAITEACHAS		
Dámhachtainí	6,987,306	7,710,105
Bunachar Sonraí Dámhachtainí	45,000	-
Ionad Náisiúnta um Dhoiciméadú - Táblaí Idirghníomhacha	15,682	-
Dímheas	44,111	58,491
Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	378	-
	7,092,477	7,768,596
BARRACHAS/(EASNAMH) DON BHLIAIN	-	-

Clár Comhardaithe

amhail an 31 Nollaig 2012

	2012 €	2011 €
SÓCMHAINNÍ SEASTA		
Sócmhainní inláimhsithe	104,276	134,096
SÓCMHAINNÍ REATHA		
Féichiúnaithe	280,425	363,292
Infheistíochtaí	641	641
Airgead sa bhanc agus ar láimh	156,126	108,540
	437,192	472,473
DLITEANAIS REATHA		
Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin:		
Creidiúnaithe	382,543	436,450
	382,543	436,450
GLAN-SÓCMHAINNÍ REATHA	54,650	36,023
GLAN-SÓCMHAINNÍ	158,926	170,119
CÚLCHISTÍ		
Barrachas carnach sa		
chuntas ioncaim agus caiteachais	54,650	36,024
Ciste caipitiúil	104,276	134,096
	158,926	170,120

Aguisín A - Liosta na bhfoilseachán de chuid an HRB

Alcohol: Public Knowledge, Attitudes and Behaviours. (2011) Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte

A Picture of Health 2012 – A snapshot of HRB funded Research. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Curran B, Barrett R (2012): *Review of All-Ireland Cochrane Training Fellowship Scheme.* Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Carew AM, Doyle A (2012): *Issue 6: Measure of Activity and Participation (MAP): Activity, participation and assistive technology.* Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A, Walsh D (2012): *Activities of Irish Psychiatric Units and Hospitals 2011: main findings.* Sraith Staidrimh 17 de chuid an HRB. Baile Átha Cliath. An Bord Taighde Sláinte

Daly A (2012) *NPIRS National Bulletin 2011.* Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A (2012) *NPIRS HSE Dublin Mid-Leinster Bulletin 2011.* Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A (2012) *NPIRS HSE Dublin Mid-Leinster Bulletin 2011.* Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A (2012) *NPIRS National Bulletin 2011.* Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A (2012) *NPIRS National Bulletin 2011.* Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Doyle A (2011) *Annual Report of the National Physical and Sensory Disability Database Committee 2011.* Sraith Staidrimh 16 de chuid an HRB. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Drug-related deaths and deaths among drug users in Ireland, Dublin: An Bord Taighde Sláinte. Figures from the National Drug-Related Deaths Index (NDRDI) on deaths due to poisoning by alcohol and/or other drugs, and deaths among drug users, in the period 2004-2009.

An Bord Taighde Sláinte Tuarascáil Bhliantúil 2010 Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

An Bord Taighde Sláinte Tuarascáil Bhliantúil 2011 Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Irish Focal Point to the EMCDDA (2012) *Drugnet Ireland*. Eagrán 41, Earrach. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Irish Focal Point to the EMCDDA (2012) *Drugnet Ireland*. Eagrán 42, Samhradh. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Irish Focal Point to the EMCDDA (2012) *Drugnet Ireland*. Eagrán 43, Fómhar. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Irish Focal Point to the EMCDDA (2012) *Drugnet Ireland*. Eagrán 44, Geimhreadh. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Kelly C (2011): *Annual Report of the National Intellectual Disability Database Committee 2011*. Sraith Staidrimh 17 de chuid an HRB. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Foilseacháin in irisleabhair

Kelly F and McConkey R (2012) Changes in the provision of residential care for adult persons with an intellectual disability: a national longitudinal study. *Tizard Learning Disability Review*, 17(1), 4-10.

McConkey R, Kelly F and Craig S (2012) A national comparative study over one decade of children with intellectual disabilities living away from their natural parents. *British Journal of Social Work*, 2012.

McConkey R, Kelly F, Craig S and Mannan H (2012) A longitudinal study of the intra-country variations in the provision of residential care for adult persons with an intellectual disability. *Journal of Intellectual Disability Research*, 2012.

Morrissey K, Daly A, Clarke G, O'Donoghue C and Ballas D (2012) A rural/urban comparison of psychiatric inpatient admissions in Ireland. *Journal of Public Mental Health* 11 (4) 209-213.

Nótaí



design by Clickworks